



Građaim Pobail na Gaeltachta 2008



Ionadaithe ó Údarás na Gaeltachta agus ó Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair a bhí i láthair ag bronnadh Građaim Pobail na Gaeltachta in Óstan Radisson i nGaillimh ar 30 Samhain 2008. Ó chlé ar chúl: Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta, Pádraig Ó Gallchóir, Pádraig Ó Domhnaill, Bainisteoir Cúnta, Maireád Ní Dhúgáin, Bríd Ní Bháicéir, Rúnaí an Choiste, PJ Ó Curráin, Baill Coiste, Antoin Mac Aodha, Bainisteoir, ar thosach ó chlé: Aisling Ní Dhochartaigh, Údarás na Gaeltachta, Emma Ní Ghallchobhair, Rúnaí Oifige, Brídín Ní Mhaoldomhnaigh, Alannah Ní Dhugáin, Máire Mhic Niallais, Cathaoirleach. Rinne aon duine déag ón Chomharchumann an turas go Gaillimh mar go raibh an Comharchumann ar ghearr liosta de naonúr as 30 Foras Pobail Gaeltachta a fuair ainmniúchán don Ghradaim do 2008. Le na linn craoladh clár beo ar TG4. Bhí oíche cheiliúrtha ina dhiaidh.



Lá Santa 2008

Bhí Lá Santa agus teaghlaigh againn sa Chrannóg ar an 13ú Nollaig. Thóg PJ & Hudí caisleán don ócáid. Bhí slua mór i láthair ar an lá agus bhí na páistí breá sásta leis na bronntanais a fuair siad ó Santa. Bhí preab chaisleán sa halla agus ceol agus craic go leor sa teach. Tá brabach an lae ag dul chun sochar do chiste Nóirín Nic Gairbheith agus Pobal ar Aire. Ba mhaith linn buíochas a ghabhail leis na gnóanna seo a leanas a thug tacaíocht don ócáid: Óige na Gaeltachta, Margadh na Mart, An Comhar Creidmheasa, Banc Aontas Éireann, Brendan Mac Giolla Bhríde. Ba mhaith linn buíochas a ghabhail le gach duine a chuidigh linn ar an lá agus buíochas mór do Santa a bhí go maith do na páistí uilig.



Cathal Ó Curráin agus Seán Mac Aoidh Ó Gallchobhair ag fanacht le Santa sa chaisleán.



Santa ar a bhealach



An slua sa halla nuair a tháinig Santa



Santa ag ceol don slua



Caisleán Santa 2008



PJ agus Cathal Ó Curráin ag ceol do Santa

Mo Scéal Féin



Tháinig mé go dtí an Chrannóg den chéad uair i mí Eanáir 2006. Ní raibh an oiread sin Gaeilge agam is go dtiocfadh liom beannú le duine. Go cionn ceithre mhí ina dhiaidh sin, d'fhreastail mé ar ranganna Gaeilge sa Chrannóg agus ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Ghaoth Dobhair. Tháinig mé go dtí an Chrannóg arís i dtús an tSamhraidh 2008 agus a dh'obair ann a chuaigh mé an iarraidh seo.

Rugadh agus tógadh mé i mbaile fearainn beag iargúlta i sléibhte in Idaho, i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Níl iomrá ar an Ghaeilge sa cheantair sin, agus ní raibh baint ar bith ag mo mhuintir le hÉirinn. An rud a spreag suim ionam sa Ghaeilge ná clár faisnéise a chuala mé ar Raidió Naisiúnta an Phobail (NPR) nuair a bhí mé naoi mbliana d'aois. Bhí bean ag ceol i nGaeilge ar an tsean-nós. Dar liom féin, ba é sin an rud ab iontaí agus ab áilne dar mhothaigh mé ariamh. Bhí agam fanacht traidhfil blianta go bhfuair mé deis toiseacht ar an Ghaeilge. Is agamsa atá a fhios gur bheag ábhar Gaeilge a bhí ar fáil ar an

idirlíon dhá bhliain déag ó shin.

Anois, tá mé sa bhliain dheireannach ar Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus mé ag déanamh céim sa Ghaeilge agus i Léann an Aistriúcháin. Is i nGaoth Dobhair a bhím an chuid eile den am. Tá dáimh mhór agam le foireann na Crannóige agus le foireann an Acadaimh i nGaoth Dobhair. Murab é an cuidiú croíúil a fuair mé uathu nuair a tháinig mé go hÉirinn ar dtús, agus an cuidiú a thugann siad go fóill dom, ní bheadh leath an oiread seo Gaeilge foghlamtha agam.

Ní hamháin sin, ach bhí mé ag obair ins an Chrannóg i mbliana faoi scéim thaithí oibre samhraidh de chuid Údarás na Gaeltachta. Cuireann an tÚdarás an scéim seo ar fáil go mbeidh deis ag mic léinn tríú leibhéal oibriú le comhlacht Gaeltachta a bhfuil baint aige leis an ábhar atá ar siúl ag an mhac léinn ar an ollscoil. Tugann sé an deis dóibh éirí cleachta le bheith ag obair trí mheán na Gaeilge. Bhí an Comharchumann sásta mo ghlacadh faoin scéim sin, agus chaith mé trí seachtaine déag leo ag déanamh an uile chineál ruda. Bhí mé ag obair ar thogra gineolaíochta de chuid na Crannóige. Rinne mé taighde ar stairsheanchas agus ar stair shóisialta an phobail. Chleacht mé scileanna ríomhaireachta agus rúnaíochta. D'aistrigh mé caipéisí go Gaeilge.

Thosaigh mé ag buaileadh ceoil le buíon ceoil na Crannóige. Bhí mé leis an bhuíon ag Féile Chnoc Fola, Féile Dhobhair agus chuaigh muid síos go dtí Fleadh Ceoil na hÉireann a bhuaileadh ceoil ar an tsráid.

Chuir muid coirm cheoil ar siúl sa Chrannóg le hairgead a bhailiú do chiste Nóirín Nic Gairbheith.

Fuair mé blaiseadh den obair laethúil a bhíos ar siúl sa Chrannóg. Chuidigh mé le heagrú Fhéile Chnoc Fola féile a bhíonn ar siúl gach bliain. Bhí mé páirteach i léiriúchán trí clár teilifíse a fhad is a bhí na foirne taifeadta ag baint úsáide as acmhainní na Crannóige. D'fhoghlaim mé ceol do pháistí ar na campaí samhraidh. Tá fiúntas san obair a níonn an Comharchumann agus bhain mé tairbhe as a bheith ag obair leo. Bhí am ar dóigh agam lena chois sin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Antóin Mac Aoidh, agus le foireann na Crannóige go léir as na deiseanna a thug siad dom. Thug siad taithí feidhmeach agus scileanna praiticiúla dom agus chuidigh siad go mór liom tuigbheál níos fearr a fháil ar an Ghaeilge.

Kayla Reed

Preas Ráiteas 16/12/08

Lá Nua

Is trua linne i gComharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair go bhfuil deire ré sroiste ag an Nuachtán laethúil “Lá Nua” an tseachtain seo.

Is caill mhór do ghluaiseacht na Gaeilge agus don Ghaeltacht é nach mbeidh Nuachtán laethúil Gaeilge ar fáil mar mheán cumarsáide anois sa bhliain úr ainneoin an dul chun cinn a rinneadh sa réimse seo le blianta beaga anuas.

Tá moladh mór agus buíochas ag dul do bhunaitheoirí Lá agus don foireann anseo i nGaoth Dobhair agus i mBéal Feirste a choinnigh ag cur Lá Nua ar fáil ainneoin go leor deacrachtaí go h-áirid le bliain anuas agus guímid ádh mór orthu san am atá le theacht.

20 Bliain de Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag ceiliúradh 20 bliain a bhunaithe i mbliana.

Cláraíodh an Comharchumann go hoifigiúil i 1988. Ag an am sin bhí oifig an Chomharchumann i gceann do thithe an Údarás i gCarraig an tSeascain agus ina dhiaidh sin in Árd Scoil Mhuire go dtí 1992 nuair a lonnigh siad sa tsean Ceardscóil i Srath na Corcra nó an “Chrannóg” áit a bhfuil siad ó shin. Is leis an Chomharchumann féin an Chrannóg, áit atá ag feidhmiú mar lári-onad cultúr agus teanga agus mar ionad frontar. Tá 30 duine fostaithe ann 4 ag an Comharchumann féin agus 4 ag an Scéim Forbartha Pobail. Tá an Comharchumann buíoch don phobail as an tacaíocht a thug siad daofa i rith na mblianta sin. Beidh ceiliúradh á dhéanamh acu ar an ócáid go luath sa bhliain úr.

Scór na nÓg CLG 2008



Alannah Ní Dhugáin, Cathal Ó Curráin, Eva Devlin,
Síle Ní Ghallchóir, Róisín Ní Cholla



Alannah Ní Dhugáin, Megan Mac Giolla
Chóill, Brídín Ní Mhaoldomhnaigh, Emma
Ní Fhíoruisce, Anthony Blair



Alan Ó Baoid, Oifigeach Gaeilge CLG ag
bronnadh a duais ar
Bhrídín Ní Mhaoldomhnaigh.